NETWORKS

# FOIRM IARRATAIS AR NASC NUA
## SAORÁIDÍ GINTE LEABAITHE (FOIRM NC5)

**ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN**
B.P. Uimh: ____________________
MPRN: ____________________

## Iarratas ar Nasc Nua

## Réamhrá

Leagtar amach san fhoirm iarratais seo an fhaisnéis a theastaíonn ó ESB Networks CGA chun iarratas a phróiseáil ar nascadh leis an gCóras Dáileacháin Leictreachais. Ní mór do gach iarratas an Cód Dáileacháin agus Coinníollacha ESB Networks CGA lena Rialaítear Ceangal leis an gCóras Dáileacháin a chomhlíonadh. Is féidir teacht orthu siúd ar ár suíomh gréasáin: esbnetworks.ie.

Tabhair faoi deara nach mbaineann an fhoirm iarratais seo ach le naisc LV (230/400V), 10kV, 20kV, 38kV agus, i gcásanna áirithe, 110kV. Más gá voltas nasctha níos airde, iarrtar ar an iarratasóir teagmháil a dhéanamh leis an bhFoireann um Chaidreamh le Custaiméirí in EirGrid: +353 1 237 0472 nó
info@eirgrid.com.

Forchoimeádann ESB Networks CGA an ceart sonraí breise a iarraidh más gá agus ba cheart don iarratasóir aon fhaisnéis dá leithéid a sholáthar go pras le linn an phróisis tairisceana agus ina dhiaidh.

Tá an fhreagracht maidir leis an modh nasctha dáileacháin a roghnófar ar ESB Networks CGA. Má dhéanann an t-iarratasóir iarratas sonrach, déanfar é sin a scrúdú agus a thabhairt san áireamh sa phróiseas seo. Roghnófar an modh a úsáidfear bunaithe ar an réiteach is lú costas a bheidh inghlactha ar bhonn teicniúil **mura n-iarrann an tIarratasóir a mhalairt nó mura n-éilíonn ESB Networks CGA modh malartach ar chúiseanna a bhaineann leis an gcóras**.

Ní mór an fhoirm iarratais seo a chur isteach i **bhfoirm leictreonach.** Ní mór comhaid leictreonacha a chur isteach ar ríomhphost (níor chóir go mbeadh na comhaid leictreonacha níos mó ná 5MB san iomlán).

Is féidir sainmhínithe na dtéarmaí a úsáidtear san fhoirm seo a fháil i ngluais an Chóid Dáileacháin.

Nuair a bheidh an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán, seol ríomhphost leis an bhfoirm agus leis an doiciméadacht ábhartha chuig:

**DSOGenerators@esb.ie**

Má bhíonn aon cheist agat, is féidir teagmháil a dhéanamh le ESB Networks CGA ach glaoch ar 1800 372 757 nó ríomhphost a chur chuig DSOgenerators@esb.ie

Tabhair faoi deara go bhfoilseofar, i gcomhréir leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), roinnt faisnéise ó d'fhoirm iarratais chomhlánaithe ar shuíomh gréasáin ESB Networks: esbnetworks.ie. Féach suíomh gréasáin CRU le haghaidh tuilleadh sonraí freisin: cru.ie.

Tabhair faoi deara: Is féidir go mbeidh gá an fhaisnéis atá san fhoirm iarratais seo a roinnt leis an Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO) chun d'iarratas a mheasúnú i gceart.

---

Úsáidtear an Fhoirm NC5 sa chás go gcuireann an t-iarratasóir in iúl sonraí sonracha a mhonaróra gineadóra agus gur mian leis go ndéanfar a staidéar teicniúil a phróiseáil leis na sonraí sonraithe sin. Is leagan giorraithe den fhoirm seo í Foirm NC5A agus féadtar í a úsáid sa chás nach bhfuil sonraí an mhonaróra gineadóra ar eolas tráth an iarratais. Chuige sin, déantar an staidéar teicniúil a chríochnú leis na sonraí measta agus ní mór don iarratasóir na sonraí sonracha a sholáthar bliain roimh an bhfuinnmhiú. Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin gceann is oiriúnaí, féach ar ár suíomh gréasáin esbnetworks.ie

**Tabhair faoi deara: Ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.**

NETWORKS

# FOIRM IARRATAIS AR NASC NUA
## SAORÁIDÍ GINTE LEABAITHE (FOIRM NC5)

**Comhlánaigh gach cuid i mBLOCLITREACHA**
**Ná fág aon chuid bán;**
**Scríobh N/B mura mbaineann cuid áirithe le hábhar.**

## CUID 1 - GACH IARRTHÓIR

Tá an t-eolas a iarrtar ar an bhfoirm iarratais seo ag teastáil ó ESB Networks CGA le cur ar ár gcumas do nasc soláthair leictreachais a chur ar bun agus a bhainistiú. Mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin, tá an t-eolas seo ag teastáil freisin le cur ar chumas ESB Networks CGA an líonra leictreachais a bhainistiú. Is é ESB Networks CGA an rialaitheoir sonraí. Tá ár mbeartas príobháide le fáil ag https://esbnetworks.ie/privacy

### 1. SONRAÍ AN IARRATASÓRA:

Ainm iomlán an iarratasóra (más cuideachta nó comhpháirtíocht atá ann, tabhair ainm iomlán na cuideachta nó an t-ainm trádála iomlán):

Is gá seoladh iomlán an iarratasóra dhlíthiúil a thabhairt (más comhlacht corparáideach atá ann, is gá oifig chláraithe nó príomhoifig an chomhlachta a thabhairt)

Éirchód

Tá uimhir chláraithe na cuideachta riachtanach

Uimhir Theileafóin:

Ríomhphost

Sonraí teagmhála mar atá thuas. Úsáidfear seoladh cláraithe na cuideachta mar sheoladh teagmhála.

Ainm an teagmhálaí:

### 2. SONRAÍ AN TSUÍMH:

Ainm an Tionscadail: (Tabhair faoi deara nach mór baint a bheith idir Ainm an Tionscadail agus an áit a bhfuil an gineadóir suite. Ní ceadmhach an t-ainm céanna a bheith ar aon ghineadóir ná fostáisiún eile. Foilseofar Ainm an Tionscadail ar esbnetworks.ie)

Ainm agus Seoladh an tSuímh:

Comhordanáidí an Phointe Nasctha ar Fhostáisiún an tSuímh:

**COMHORDANÁID SOIR:** **COMHORDANÁID Ó THUAIDH:**

(I gcás tionscadail ar mó ná 0.2 MW an Uasacmhainneacht Easpórtála aige, beidh an pointe nasctha ag suíomh fostáisiúin an chustaiméara. I gcás gach tionscadail eile, úsáid comhordanáidí an aonaid ginte féin. Is iad na comhordanáidí atá le soláthar ná comhordanáidí ó Chóras Eangaí Comhordanáidí na hÉireann, e.g. E319394 N226143)

### 3. SONRAÍ GINEARÁLTA:

Dáta Nasctha Beartaithe: (mí agus bliain)

An bhfuil an tionscadal seo ag iarraidh fuinneamh a easpórtáil? Tá ☐ Níl ☐

Uasacmhainneacht Easpórtála (MEC) Riachtanach (MW): (i gcás sínte, acmhainn bhreise amháin)

(I gcás gineadóirí a oibríonn go comhthreomhar leis an líonra agus nach bhfuil MEC ag teastáil ina leith, cuir 0 MW isteach anseo agus déan cinnte an MPRN lena mbaineann a chur isteach thíos.)

An bhfuil an tionscadal seo mar shíneadh ar shuiteáil atá ann cheana féin (MPRN)? Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil an tionscadal seo mar shíneadh ar ghineadóir beartaithe? Tá ☐ Níl ☐

Má roghnaigh tú 'tá', tabhair ainm an tionscadail atá ann cheana féin (agus tagairt DG i gcás gineadóirí) agus an MPRN le do thoil:

An bhfuil fomhéadrú ag teastáil ón Iarratasóir? Tá ☐ Níl ☐

## 4. ROGHANNA MAIDIR LE MODH NASCTHA

Inchonspóide ☐ Neamh-inchonspóide ☐

Líne Lasnairde ☐ Cábla Faoi Thalamh ☐ Ní miste ☐

An bhfuil tú ag iarraidh nascadh le fostáisiún faoi leith de chuid ESB? Tá* ☐ Níl ☐

*Má roghnaigh tú 'Tá', ainmnigh an fostáisiún ESB:

An bhfuil plean agat an suíomh a fhorbairt amach anseo? Tá* ☐ Níl ☐

*Má roghnaigh tú 'Tá', tabhair tuilleadh sonraí sa litir chumhdaigh a chuirfidh tú leis seo.

## 5. TÁILLÍ AS IARRATAS MAIDIR LE GINEADÓIR

Tabhair cuairt ar an rannán Giniúint ar Scála Mór ar ár suíomh gréasáin esbnetworks.ie le haghaidh tuilleadh eolais faoi tháillí iarratais agus modhnuithe. Féach ar ár suíomh gréasáin esbnetworks.ie le haghaidh tuilleadh eolais faoi na modhanna íocaíochta atá ar fáil.

**Seolfar ar ais iarratais a chuirtear isteach gan an táille sin.**

Nótáilte * ☐ Dáta na hÍocaíochta EFT

## 6. LÉARSCÁILEANNA AGUS LÉARÁIDÍ: Cuir cóipeanna leictreonacha de na nithe seo a leanas ar fáil le do thoil:

Léarscáil 1:50,000 "Discovery Series" ó Thailte Éireann, "X" ann chun suíomh an phointe nasctha a mharcáil go soiléir chomh maith le teorainn an láithreáin a léiriú. Plean láithreáin (ar scála cuí) den áis atá beartaithe (lena n-áirítear aon suiteáil ginte atá ann), ar a léirítear teorainn an láithreáin, suíomh beartaithe an phointe nasctha, gineadóirí, claochladán, foirgneamh an láithreáin, etc.

Dréachtléaráid leictreach aonlíne den tsaoráid atá beartaithe ina sonraítear gach mír shuntasach den ghléasra agus a luachanna, lena n-áirítear:

- Leibhéal Voltais Ábhartha
- Comhghlasáil
- Socruithe Talmhaithe agus Sioncrónaithe
- Cineálacha Athsheachadáin
- Cóimheasa CT/VT
- Claochladá(i)n Gineadóra
- Ceartú Fachtóra Cumhachta
- Suíomh na gCeangal Malartach (e.g. ualach tí)
- Claochladá(i)n um Nascadh leis an Líonra (más infheidhme)

**Tabhair do d'aire: ní fhéadfaimid d'iarratas a phróiseáil gan na léarscáileanna/léaráidí sin**

## 7. SONRAÍ UALAIGH SUÍMH:

An Uasacmhainneacht Iompórtála (MIC) atá ag teastáil: (kVA)

I gcás Tionscadail Stórála, cuir in iúl an chuid den MIC atá tiomnaithe don Ualach Tí: (kVA)

I gcás Tionscadail Stórála, deimhnigh go bhfuil NC3 curtha isteach (más infheidhme): Tá* ☐ Níl ☐

*Má roghnaigh tú 'Tá', cuir in iúl an Uimhir Fhógra NC3:

## 8. SONRAÍ TEICNIÚLA: Aonaid ghinte atá ann cheana agus aonaid ghinte nua

Líon Iomlán na nAonad Ginte/na nInbhéartóirí:

**Le haghaidh gléasra teirmeach amháin:** cuir blocléaráid fheidhmiúil ar fáil ina bhfuil príomhchodanna an ghléasra agus ina léirítear coirí, tuirbíní, coirí aisghabhála teasa, malartóirí, aon soláthar teasa nó gaile le haghaidh próisis eile, etc. Léirítear ann, mar shampla, cé acu a úsáidtear seafta singil nó seafta ar leithligh ann Tabhair faoi deara: ní bheimid in ann d'iarratas a phróiseáil gan é sin.

| | Aonad 1 (nó Cineál 1) | Aonad 2 (nó Cineál 2) | Aonad 3 (nó Cineál 3) | Aonad 4 (nó Cineál 4) |
|---|---|---|---|---|
| Cineál Gléasra Ginte: (i.e. Cumhacht Ghaoithe, Grianchumhacht, CCGT, OCGT, Bithmhais, etc.) | | | | |
| Más rud é go bhfuil dhá chineál teicneolaíochta nó níos mó le tógáil faoin MEC seo, luaigh an chuid den MEC (mar atá leagtha amach sa Chuid, Sonraí Ginearálta) a bhaineann le gach cineál gléasra ginte: | | | | |
| Cineál/Leagan an Ghineadóra: | | | | |
| Cineál Gineadóra: [sioncrónach, neamhshioncrónach, ceangailte le tiontaire, etc.] | | | | |
| Líon na ngineadóirí de réir cineáil: | | | | |
| Acmhainn Ginte Suiteáilte (MW) in aghaidh an Aonaid/Inbhéartóra: | | | | |
| MVA Rátáilte Gineadóra: | | | | |
| Voltas Gineadóra (kV): | | | | |
| Tabhair sonraí faoin réimeas oibriúcháin a bhfuiltear ag súil leis: (i.e. leanúnach/buaictheascadh/buaicscamhadh) | | | | |
| An bhfuil aon cheann de na haonaid ghinte suiteáilte cheana féin ar bhonn neamh-easpórtála (MEC=0)? | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ |
| I gcás Grianchumhachta, an bhfuil an tsuiteáil suite ar an talamh? | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ |
| I gcás grianchumhachta, luaigh líon iomlán na ngrianphainéal (MW) | | | | |

Cuir bileog ríofa ar fáil (i dteannta na bhfigiúirí srutha fabht a iarrtar i dTábla 1) a léiríonn an sruth fabht atá ar fáil (r.m.s. luach na comhpháirte s.a. siméadraí) ón tSaoráid Ginte Leabaithe mar gheall ar fhabht ag an bPointe Nasctha nuair a bhíonn na tacair ghinte go léir ag oibriú i gcomhthreo leis an gCóras Dáileacháin Leictreachais.

## 8. SONRAÍ TEICNIÚLA: AR LEAN (Ní mór an chuid seo a chomhlánú go hiomlán. Ní ghlactar le tagairt do dhoiciméad eile agus measfar aon iarratas a dhéanann tagairt do dhoiciméad eile a bheith neamhiomlán.)

| Ionchur Srutha Gearrchiorcaid ó Shaoráid Ginte Leabaithe IEG [kA] [RMS] | Cineálacha fabhtanna i bhfeidhm ag an bPointe Nasctha | | |
|---|---|---|---|
| | A Trí-Céim | Pas go Pas Céim | Líne Aonair go Talamh (*) |
| t = 0.00s | | | |
| t = 0.02s | | | |
| t = 0.04s | | | |
| t = 0.06s | | | |
| t = 0.08s | | | |
| t = 0.10s | | | |
| t = 0.12s | | | |
| t = 0.14s | | | |
| t = 0.16s | | | |
| t = 0.18s | | | |
| t = 0.20s | | | |
| t = 0.30s | | | |
| t = 0.40s | | | |
| t = 0.60s | | | |
| t = 0.90s | | | |
| t = 1.30s | | | |
| t = 1.70s | | | |
| t = 2.00s | | | |
| t = 3.00s | | | |




Eochair Eolais:
**EG:** Ionchur Srutha Fabht ón tSaoráid Ginte Leabaithe
**IDSO:** Ionchur Srutha Fabht ó Chóras DSO
**IGn:** Ionchur Srutha Fabht ón Aonad Ginte Aonair

**Fíor 1 Saoráid Ginte Leabaithe agus Ionchur Srutha Fabht**

## 9. SONRAÍ MAIDIR LE CLAOCHLADÁN NASCTHA LÍONRA (más infheidhme):

Tá neart cineálacha claochladán ann. Sonraíonn an t-iarratas seo dhá chlaochladán tochráin. Ba cheart gach coisceas a lua mar % ar chlaochladáin rátáilte MVA agus kV.
Tabhair faoi deara gurb é ESB Networks CGA a chinneann an voltas nasctha i gcomhréir leis na gnáthchaighdeáin, mar atá leagtha amach sa Chód Dáileacháin, agus sonraí gach úsáide tugtha san áireamh. Má tá an voltas nasctha difriúil ón méid san iarratas a nglactar leis, iarrfaidh ESB Networks CGA sonraí nua a fhreagraíonn don leibhéal voltais nua agus cuirfear an próiseas ar fionraí go dtí go bhfaighfear na sonraí réasúnta sin.

Tabhair faoi deara gur féidir go mbeidh tuarascáil tástála iomlán ón monaróir ag teastáil ag céim níos déanaí. Tugtha ar aird ☐

Luaigh líon na gclaochladán atá beartaithe don phointe nasctha líonra
(ar an leibhéal voltais nasctha i.e. ní claochladáin a bhaineann le gineadóirí aonair): ______

MVA Rátáilte Claochladáin:

Cóimheas Voltais Claochladáin HV/LV [kV]:

Cumraíocht Tochráin Claochladáin:

Friotaíocht seichimh dearfaigh claochladáin ($R_1$%):

Freasaitheacht seichimh dearfaigh claochladáin ($X_1$%):

Friotaíocht seichimh nialasaigh claochladáin ($R_0$%):

Freasaitheacht seichimh nialasaigh claochladáin ($X_0$%):

Tabhair sonraí faoin Athróir Tapa. Cineál an athróra tapa (gan ualach/faoi ualach/as ciorcad)

Tochrán Voltais Tapáilte: kV Céimeanna - Céimeanna % Méid Céime

## 10. SONRAÍ CLAOCHLADÁIN GINEADÓRA (i.e. claochladáin a bhaineann le gineadóirí aonair):

| | Aonad 1 (nó Cineál 1) | Aonad 2 (nó Cineál 2) | Aonad 3 (nó Cineál 3) | Aonad 4 (nó Cineál 4) |
|---|---|---|---|---|
| MVA Rátáilte Gineadóra Claochladáin: | | | | |
| Cóimheas Voltais Claochladáin Gineadóra HV/LV kV: | | | | |
| Cumraíocht Tochráin Claochladáin Gineadóra: | | | | |
| Friotaíocht seichimh dearfaigh Claochladáin Gineadóra ($R_1$%) | | | | |
| Freasaitheacht seichimh dearfaigh Claochladáin Gineadóra ($X_1$%) | | | | |
| Friotaíocht seichimh nialasaigh Claochladáin Gineadóra ($R_0$%) | | | | |
| Freasaitheacht seichimh nialasaigh Claochladáin Gineadóra ($X_0$%) | | | | |

Tabhair sonraí faoin Athróir Tapa. Cineál an athróra tapa (gan ualach/faoi ualach/as ciorcad)

Tochrán Voltais Tapáilte: kV Céimeanna - Céimeanna % Méid Céime

## 11. CÁILÍOCHT CUMHACHTA

Tabhair faoi deara go gcuirfear ceisteanna maidir le cáilíocht chumhachta sa Chomhaontú um Nascadh agus NÍ MÓR iad a chomhlánú ag an gcéim sin le go mbeidh an Comhaontú um Nascadh bailí.

Tugtha ar aird ☐

## 12. NEAMHSPLEÁCHAS GINEADÓIRÍ COMHTHEAGMHÁLACHA:

Measfar go bhfuil Stáisiún Cumhachta Gineadóra gan gaol agus neamhspleách ar na Stáisiúin Cumhachta Gineadóirí eile atá ar Láithreán Gineadóirí Comhtheagmhálacha ("Stáisiún Cumhachta Gineadóirí Neamhspleách") sna cásanna a leanas:

- nach bhfuil an tIarratasóir, i gcás comhlacht corpraithe, ina ghnóthas atá gaolmhar le Stáisiún Cumhachta Gineadóra eile atá ar an Láithreán Gineadóirí Comhtheagmhálacha nó nach bhfuil iarratas ar Chomhaontú um Nascadh déanta ina leith chuig an DSO nó an TSO;
- níl aon duine ná comhlacht corparáideach ag a bhfuil 50% nó níos mó de na gnáthscaireanna nó de na cearta vótála in eintiteas an Iarratasóra nasctha le haon duine ná le comhlacht corparáideach eile ag a bhfuil 50% nó níos mó de na gnáthscaireanna nó de na cearta vótála i Stáisiún Gineadóirí Cumhachta eile atá ar an Láithreán Gineadóirí Comhtheagmhálacha ("Duine Ceangailte").

Tá/Beidh an Stáisiún Cumhachta Gineadóirí neamhspleách ar Ghineadóirí comhtheagmhálacha Tá/Beidh ☐ Níl/Ní bheidh ☐

## CUID 2 - GACH GINEADÓIR SIONCRÓNACH AMHÁIN

### 13. SONRAÍ GINEADÓIRÍ LE HAGHAIDH STAIDÉIR FABHTANNA

| BAINEANN NA CEISTEANNA LE hIARRATASÓIRÍ GINEADÓRA SIONCRÓNACHA AMHÁIN | Aonad 1 (nó Cineál 1) | Aonad 2 (nó Cineál 2) | Aonad 3 (nó Cineál 3) | Aonad 4 (nó Cineál 4) |
|---|---|---|---|---|
| $X_d^1$ - Freasaitheacht Díomhuan Aise Dírí Gineadóra (sáithithe): (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| $X_d^{11}$ - Freasaitheacht Fho-dhíomhuan an Ghineadóra (sáithithe): (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| $X_2$ - Gineadóir Seichimh Pas Diúltaigh Freasaitheacht Shioncrónach: (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| $X_0$ - Freasaitheacht Seichimh Pas Nialasaigh Gineadóra: (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| $X_d^1$ - Freasaitheacht Dhíomhuan Aise Dírí Gineadóra (neamhsháithithe): (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| $X_d^{11}$ - Freasaitheacht Fho-dhíomhuan an Ghineadóra (neamhsháithithe): (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| Seicheamh Pas Dearfaigh Aise Dírí Gineadóra Freasaitheacht Shioncrónach: (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| Seicheamh Pas Dearfaigh Aise Cearnógaí Gineadóra Freasaitheacht Shioncrónach: (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |

### 14. SONRAÍ GINEADÓRA LE HAGHAIDH RÉITEACH DINIMICIÚIL

| BAINEANN NA CEISTEANNA LE hIARRATASÓIRÍ GINEADÓRA SIONCRÓNACHA AMHÁIN | Aonad 1 (nó Cineál 1) | Aonad 2 (nó Cineál 2) | Aonad 3 (nó Cineál 3) | Aonad 4 (nó Cineál 4) |
|---|---|---|---|---|
| Freasaitheacht Díomhuan Aise Cearnógaí Gineadóra (neamhsháithithe): (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| Freasaitheacht Fho-dhíomhuan Gineadóra (neamhsháithithe): (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| Freasaitheacht Sceite Armatúir | | | | |
| Ciorcad oscailte Díomhuan Aise Dírí Gineadóra Amthairiseach: (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| Ciorcad oscailte Fodhíomhuan Aise Dírigh Gineadóra Amthairiseach: (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| Ciorcad oscailte Díomhuan Aise Cearnaithe Gineadóra Amthairiseach: (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| Ciorcad oscailte Fodhíomhuan Aise Cearnaithe Gineadóra Amthairiseach: (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |
| Táimhe an turbaighineadóra iomláin (MWsecs/MVA) (pu ar bhonn MVA meaisín) | | | | |

## CUID 3 - GACH GINEADÓIR NEAMHSHIONCRÓNACH AMHÁIN

### 15. GINEADÓIRÍ NEAMHSHIONCRÓNACHA ARNA BHFLOSCADH AG AN BPRÍOMHLÍONRA AMHÁIN:

Sonraigh an dóigh a gcuireann tú an gineadóir ag rith ar luas sioncrónach (buninneall, mótar ar leithligh, gineadóir arna oibriú mar mhótar).

Méid agus fad an tsrutha tosaithe/an bhruchta isteach: __________ Aimpéar ag __________ kV le haghaidh __________ ms

Minicíocht tosaigh/chomhthreomhar (i.e. uaireanta san uair): ______________________________

Fachtóir Cumhachta ar thosú: ______________________________

Éileamh ar chumhacht freasaitheachta ag aschur nialasach ('gan ualach'): ______________________ kVAr agus aschur uasta: ______________________ kVAr

Sonraí maidir le cúiteamh ar chumhacht freasaitheachta atá le suiteáil & an sruth luchtaithe atá ar fáil ó chiorcaid cáblaí laistigh den tSaoráid Ginte Leabaithe:

## 16. SONRAÍ GINEADÓRA LE HAGHAIDH STAIDÉAR FABHTANNA (Gearrchiorcad)

| Cuir in iúl na sruthanna sonraithe thíos nó cuir isteach cuar laghdaithe srutha gearrchiorcad (sruth vs am) a léiríonn do ghineadóirí: | Aonad 1 (nó Cineál 1) | Aonad 2 (nó Cineál 2) | Aonad 3 (nó Cineál 3) | Aonad 4 (nó Cineál 4) |
|---|---|---|---|---|
| $I_k''$ - Sruth gearrchiorcaid siméadraigh tosaigh | | | | |
| $I_p$ - Buaicshruth gearrchiorcaid | | | | |
| $I_k$ - Sruth staide seasta gearrchiorcaid | | | | |

## CUID 4 - GINEADÓIRÍ NEAMHSHIONCRÓNACHA LE MEC NÍOS LÚ NÁ 5MW NÓ COMHIONANN LEIS

## 17. GINEADÓIRÍ NEAMHSHIONCRÓNACHA:

Sonraigh an cineál Gineadóra:
(luas seasta arna rialáil le loiceadh; luas seasta arna rialáil le claonadh; luas seasta arna rialáil le claonadh agus friotaíocht athraitheach rótar; luas athraitheach le gineadóir ionduchtaithe défheidhmeach; luas athraitheach le gineadóir sioncrónach agus tiontaire lánrátáilte nó cineál sonraithe eile)

| | |
|---|---|
| Aonad 1 (nó Cineál 1) | |
| Aonad 2 (nó Cineál 2) | |
| Aonad 3 (nó Cineál 3) | |
| Aonad 4 (nó Cineál 4) | |

Ceangail an cuar cumhachta ceadaithe le do thoil
Tabhair faoi deara: ní bheimid in ann d'iarratas a phróiseáil gan é sin

## 18. SONRAÍ UM IONSAMHLÚ DINIMICIÚIL:

Sa phróiseas tairisceana nasctha, déantar scrúdú ar thionchar dinimiciúil an ghineadóra ar na córais tarchurtha agus dáileacháin. Chun go mbeidh sé in ann ionsamhlú dinimiciúil a dhéanamh ní mór don iarratasóir na sonraí leictreachais a chur leis na ceisteanna thíos.
Má chomhlíonfaidh soláthar samhla dinimiciúla na riachtanais sna ceisteanna thíos, ní gá don iarratasóir na ceisteanna thíos a fhreagairt. Ní mór na paraiméadair agus na sonraí riachtanacha go léir a bheith ag gabháil leis an tsamhail. Ba cheart go mbeidh an tsamhail dhinimiciúil ar fáil ón monaróir agus ba cheart go mbeidh sí oiriúnach don chlár bogearraí PSS/E agus sainiúil don chineál aonaid gineadóra atá le suiteáil. Ina theannta sin, má chuir an monaróir an tsamhail chuí ar fáil do EirGrid cheana, ní gá an tsamhail chéanna a sholáthar arís ach an t-iarratasóir an méid a leanas a chur in iúl i dtaca leis an tsamhail atá i gceist:

Uimhir leagain na samhla

Seoltóir (i.e. ainm & cuideachta) na samhla

Faighteoir (EirGrid) na samhla

Sonraigh an modh ar seoladh an tsamhail (e.g. ríomhphost, dlúthdhiosca, etc.)

An dáta a seoladh an tsamhail chuig EirGrid

Níl na ceisteanna atá fágtha i gcuid 4 le comhlánú ach sa chás nach bhfuil an t-iarratasóir ag cur isteach samhail dhinimiciúil.

## 18. SONRAÍ UM IONSAMHLÚ DINIMICIÚIL: Ar lean

| | Cineál1 | Cineál 2 | Cineál 3 | Cineál 4 |
|---|---|---|---|---|
| **Gineadóir** | | | | |
| Bunvoltas (kV) | | | | |
| Bun-MVA | | | | |
| Cumhacht uasta (MW) | | | | |
| Cumhacht íosta (MW) | | | | |
| Friotaíocht Státair (pu)* | | | | |
| Ionduchtas Státair (pu)* | | | | |
| Freasaitheacht Mhaighnéadaithe (pu)* | | | | |
| **Scéim Cosanta Minicíochta (más ann di)** | | | | |
| Friotaíocht Rótair (pu)* | | | | |
| Ionduchtas an Rótair (pu)* | | | | |
| Tairiseach táimhe H an ghléasra cumhachta iomláin [MW.s/ MVA] | | | | |
| **Scéim cosanta voltais (más ann di)** | | | | |
| Teorainn fo-voltais (pu) | | | | |
| Am braite fo-voltais (soicindí) | | | | |
| Am briste fo-voltais (soicindí) | | | | |
| Teorainn róvoltais (pu) | | | | |
| Am braite róvoltais (soicindí) | | | | |
| Am briste róvoltais (soicindí) | | | | |
| Teorainn fomhinicíochta (pu) | | | | |
| Am braite fomhinicíochta (soicindí) | | | | |
| Am briste fomhinicíochta (soicindí) | | | | |
| Teorainn rómhinicíochta (pu) | | | | |
| Am braite rómhinicíochta (soicindí) | | | | |
| Am briste rómhinicíochta (soicindí) | | | | |

# CUID 5 - GINEADÓIRÍ NEAMHSHIONCRÓNACHA LE MEC NÍOS MÓ NÁ 5MW

## 19. GINEADÓIRÍ NEAMHSHIONCRÓNACHA

Sonraigh an cineál Gineadóra: (luas seasta arna rialáil le loiceadh; luas seasta arna rialáil le claonadh; luas seasta arna rialáil le claonadh agus friotaíocht athraitheach rótar; luas athraitheach le
gineadóir ionduchtaithe défheidhmeach; luas athraitheach le gineadóir sioncrónach agus tiontaire lánrátáilte nó cineál sonraithe eile)

| | |
|---|---|
| **Aonad 1 (nó Cineál 1)** | |
| **Aonad 2 (nó Cineál 2)** | |
| **Aonad 3 (nó Cineál 3)** | |
| **Aonad 4 (nó Cineál 4)** | |

Ceangail an cuar cumhachta ceadaithe le do thoil
Tabhair faoi deara: ní bheimid in ann d'iarratas a phróiseáil gan é sin

## 20. STRUCHTÚR LÍONRA INMHEÁNACH GINEADÓIRÍ NEAMHSHIONCRÓNACHA AGUS SONRAÍ COMHFHREAGRACHA:

Tabhair cur síos ar an dóigh a leagfar amach struchtúr líonra inmheánach na ngineadóirí neamhshioncrónacha (líonra bailithe). Sonraigh sa chur síos an chaoi a gceanglófar na haonaid gineadóra faoi leith le chéile chomh maith leis an gcaoi a gceanglófar iad leis an bhfostáisiún gineadóra. Sonraigh méideanna cáblaí éagsúla agus fad cábla faoi leith.

Ainm an cheangail struchtúir líonra inmheánaigh

## 20. STRUCHTÚR LÍONRA INMHEÁNACH GINEADÓIRÍ NEAMHSHIONCRÓNACHA AGUS SONRAÍ COMHFHREAGRACHA: Ar lean

| | Cineál1 | Cineál 2 | Cineál 3 | Cineál 4 |
|---|---|---|---|---|
| **Gineadóir** | | | | |
| Achar trasghearrtha seoltóra in aghaidh an chroíleacáin (mm2) | | | | |
| Cineál seoltóra (Al, Cu, etc.) | | | | |
| Cineál inslithe | | | | |
| Toilleas luchtaithe (µF/km) | | | | |
| Sruth luchtaithe (Ampéar/km) | | | | |
| Friotaíocht seichimh dearfaigh ($R_1$ Ohm/km) | | | | |
| Freasaitheacht seichimh dearfaigh ($X_1$ Ohm/km) | | | | |
| Friotaíocht seichimh nialasach ($R_0$ Ohm/km) | | | | |
| Freasaitheacht seichimh nialasach ($X_0$ Ohm/km) | | | | |

| Sonraigh raonta fachtóirí cumhachta na ngineadóirí ag na céatadáin cumhachta gníomhaí sonraithe agus sonraigh an acmhainneacht choibhéiseach MVAr. | 10% | | 50% | | 100% | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ion-duch-tach | Toillea-sach | Ion-duch-tach | Toillea-sach | Ion-duch-tach | Toillea-sach |
| Fachtóir Cumhachta Gineadóirí | | | | | | |
| MVAr Coibhéiseach | | | | | | |

Soláthair cuar acmhainneachta cumhachta freasaithí don suíomh ginte mar a thomhaistear ag an taobh LV den chlaochladáin atá ceangailte leis an líonra.
Ba cheart go sonrófar raon aschuir MW iomlán sa chuar acmhainneachta MVAr vs MW. Ba chóir go mbeidh an cuar ag teacht leis na freagraí a thugtar sna ceisteanna seo a leanas. Tabhair faoi deara go gcaithfidh suíomh an ghineadóra an Cód Dáileacháin a chomhlíonadh.

Líon na ngléasanna ionduchtacha

Léirigh an MVAr ionduchtach le haghaidh gach gléis. Má tá níos mó ná céim amháin sa ghléas, léirigh líon na gcéimeanna agus an acmhainneacht MVAr a lasctar i ngach céim.

_________ MVAr i _________ gCéimeanna _________ MVAr i _________ gCéimeanna _________ MVAr i _________ gCéimeanna

Líon na ngléasanna toilleasacha

Léirigh an MVAr Toilleasach le haghaidh gach gléis. Má tá níos mó ná céim amháin sa ghléas, cuir in iúl líon na gcéimeanna agus an acmhain-neacht
MVAr a lasctar i ngach céim.

_________ MVAr i _________ gCéimeanna _________ MVAr i _________ gCéimeanna _________ MVAr i _________ gCéimeanna

Léirigh le do thoil an t-ionchur MVAr ionduchtach atá ag struchtúr inmheánach an ghineadóra neamhshioncrónaigh (i.e. cábla 20kV)

Tabhair sonraí faoin gcóras tosaithe. (Líon na dtosach comhuaineach, úsáid an chórais rialaithe, etc.) SONRAÍ TEICNIÚLA AG TEASTÁIL

## 21. SONRAÍ UM IONSAMHLÚ DINIMICIÚIL:

Sa phróiseas tairisceana nasctha, déantar scrúdú ar thionchar dinimiciúil an ghineadóra ar na córais tarchurtha agus dáileacháin. Chun go mbeidh siad in ann ionsamhlú dinimiciúil a dhéanamh, ní mór don iarratasóir samhail dhinimiciúil dá ngineadóir a chur isteach. Ba chóir go mbeidh an tsamhail dhinimiciúil seo ar fáil ón monaróir.

Cuir isteach samhail dhinimiciúil agus na luachanna sonraí agus paraiméadair go léir a theastaíonn don tsamhail dhinimiciúil. Ba chóir go mbeidh an tsamhail dhinimiciúil
oiriúnach do chlár bogearraí PSS/E agus sonrach don chineál aonaid gineadóra atá le suiteáil. Ba chóir é seo a chur isteach i leagan leictreonach.

**Tabhair faoi deara: ní bheimid in ann d'iarratas a phróiseáil gan é sin.** Mar sin féin, má chuir an monaróir an tsamhail chuí ar fáil do EirGrid cheana, ní gá an tsamhail chéanna a sholáthar arís ach an t-iarratasóir an méid a leanas a chur in iúl i dtaca leis an tsamhail atá i gceist:

Uimhir leagain na samhla

Seoltóir (i.e. ainm & cuideachta) na samhla:

Faighteoir (EirGrid) na samhla

Sonraigh an modh ar seoladh an tsamhail (e.g. ríomhphost, dlúthdhiosca, etc.):

An dáta a seoladh an tsamhail chuig EirGrid

Cuir isteach ráiteas i scríbhinn, ón monaróir, más féidir, ina sonraítear dearbhú ar thiomantas do "rannpháirtíocht fhóinteach" chun an leibhéal samhaltaithe a thabhairt chun cinn go dtí samhail bhailíochtaithe chuí. Is é a chiall a thuigfear as "rannpháirtíocht fhóinteach" ná:

**a.** gealltanas ar thaobh an iarratasóra déileáil le saincheisteanna arna n-ardú ag EirGrid agus freagraí a sholáthar i leith an ghineadóra agus i leith samhaltú gineadóra, ar bhonn tráthúil agus
**b.** an t-iarratasóir sonraí teagmhála(ithe) sonracha a sholáthar chun déileáil le saincheisteanna agus fiosrúcháin a bhaineann le feidhmíocht agus le samhaltú an ghineadóra, le feidhmíocht agus le samhaltú foriomlán an ghineadóra agus le hoibriú samhla dinimiciúla PSS/E.

**Tabhair faoi deara: ní bheimid in ann d'iarratas a phróiseáil gan é sin.**

## CUID 6 - IARRATASÓIRÍ DS3 AMHÁIN

## 22. SONRAÍ TEICNIÚLA DS3 AG TEASTÁIL[1]:

Cuir in iúl na seirbhísí is féidir a sholáthar

FFR ☐ POR ☐

**Mearfhreagairt Mhinicíochta (FFR)**

Cén leibhéal FFR is féidir a sholáthar? ____________________ (MW)

Cé mhéad uair an chloig sa bhliain is féidir an tseirbhís a sholáthar? ____________________ Uair an chloig

**Seirbhís ag aschur íseal MW**

An bhfuil leibhéil aschuir 0MW insoláthraithe ag an tseirbhís? Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil an tseirbhís insoláthraithe agus í ag feidhmiú faoi bhun 20% de MEC? Tá ☐ Níl ☐

**Príomh-cúlchiste Oibriúcháin**

Cén leibhéal POR is féidir a sholáthar? ____________________ (MW)

Cé mhéad uair an chloig sa bhliain is féidir an tseirbhís a sholáthar? ____________________ Uair an chloig

**Seirbhís ag aschur íseal MW**

An bhfuil leibhéil aschuir 0MW insoláthraithe ag an tseirbhís? Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil an tseirbhís insoláthraithe agus í ag feidhmiú faoi bhun 20% de MEC? Tá ☐ Níl ☐

[1] Má dhéanann iarratasóir dearbhú maidir le ceanglais incháilitheachta DS3 atá bréagach, míthreorach nó míchruinn, measfar é mar "chás mainneachtana" faoi aon chomhaontú um nascadh a eascraíonn as.

## 23. DEARBHÚ UM CHEAD PLEANÁLA[1]: (Baineann an chuid seo le gach iarratasóir)

An bhfuil cead pleanála ag teastáil do do thionscadal gineadóra?

☐ Tá: téigh go A: Stádas pleanála

☐ Níl - má tá do thionscadal díolmhaithe ó chead pleanála, téigh go B: Díolmhaithe ó phleanáil

### A: Stádas pleanála

Uimhir Thagartha um Pleanáil

Údarás ar cuireadh iarratas chuige:

Stádas pleanála

☐ **Admhaithe/dearbhaithe**

Dáta Admhála:

Ní mór litir admhála a cheangal leis seo: Nótáilte ☐

**NÓ**

☐ **Ceadaithe**

Dáta Ceadaithe an Cheada Pleanála:

Dáta Éaga an Cheada Pleanála:

An bhfuil iarratas ar shíneadh déanta? Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐

### B: Díolmhaithe ó chead pleanála

Tabhair thíos an chúis leis an díolúine agus an fáth a mbaineann Cuid 5 le hábhar.

## Dearbhú iarratasóra

Deimhním, (Ainm i mBloclitreacha):

Ról:

thar ceann (Ainm na Cuideachta i mBloclitreacha mar atá sonraithe i Sonraí an Iarratasóra ar an bhfoirm iarratais seo)

go bhfuil an Cead Pleanála sonraithe thuas, don tionscadal gineadóra atá sonraithe san fhoirm iarratais seo, ceart.

**Síniú an Iarratasóra:** ______________________ **Dáta:**

## Dearbhú ó Dhlíodóir / ó Chomhairleoir Pleanála:

Tugaim, (Ainm i mBloclitreacha):

Gairm:

thar ceann (Ainm na Cuideachta i mBloclitreacha mar atá sonraithe i Sonraí an Iarratasóra ar an bhfoirm iarratais seo)

barántas go ndearna mé na seiceálacha is gá go léir agus go bhfuilim sásta go bhfuil an Cead Pleanála sonraithe thuas, don tionscadal gineadóra atá sonraithe san fhoirm iarratais seo, ceart

**Sínithe:** ______________________ **Dáta:**

Uimhir Dlíodóra[2] / Comhairleora Pleanála[3]

Seoladh Dlíodóra / Comhairleora Pleanála

Stampa Dlíodóra / Comhairleora Pleanála (más féidir):

[1]Tá freagracht ar an iarratasóir cead pleanála a fháil. Ní ghlacann ESB Networks CGA le haon fhreagracht as sonraí ceada pleanála a sheiceáil. Má dhéanann iarratasóir dearbhú atá bréagach, míthreorach nó míchruinn i dtaca le riachtanais ceada pleanála, measfar sin mar "chás mainneachtana" de réir an chomhaontaithe um nascadh.
[2]De réir Dhlí-Chumann na hÉireann (www.lawsociety.ie). [3]De réir Institiúid Pleanála na hÉireann (www.ipi.ie) nó de réir an Royal Town Planning Institute (www.rtpiconsultants.co.uk)

## 24. DEARBHÚ UM THOILIÚ AN ÚINÉARA TALÚN[1]:

Deimhním, (Ainm i mBloclitreacha):

Ról:

thar ceann (Ainm na Cuideachta i mBloclitreacha mar atá sonraithe i Sonraí an Iarratasóra ar an bhfoirm iarratais seo)

deimhnigh go bhfuarthas gach toiliú ó úinéirí talún is gá don fhostáisiún ag na comhordanáidí atá sonraithe i Sonraí an tSuímh ar an bhfoirm iarratais seo agus don láithreán ginte.

**Síniú an Iarratasóra:** ____________________ **Dáta:**

agus go bhfuil siad fíoraithe ag Dlíodóir (Ainm i mBloclitreacha)

**Sínithe:** ____________________ **Dáta:**

Uimhir Dlíodóra:

Seoladh Dlíodóra

**Tabhair faoi deara le do thoil go seolfar an t-iarratas ar ais chuig an iarratasóir sa chás nach bhfuil stampa agus/nó uimhir dlíodóra air.**

Stampa dlíodóra:

[1]Tá freagracht ar an iarratasóir toiliú an úinéara talún a fháil. Ní ghlacann ESB Networks CGA le haon fhreagracht as sonraí a sheiceáil maidir le toiliú an úinéara talún. Sa chás go ndearna an t-iarratasóir dearbhú a bhí bréagach, míthreorach nó míchruinn i dtaca leis an suiteálaí, measfar sin mar "chás mainneachtana" de réir an chomhaontaithe um nascadh.

## 25. SÍNIÚ IARRATASÓIRÍ:

Glacaimid le Coinníollacha Ginearálta ESB Networks CGA maidir le nascadh, agus le gach leasú orthu a fhéadfaidh ESB Networks CGA a dhéanamh ó am go chéile. Aontaím/aontaímid gach rochtain riachtanach is gá chun an líonra a cheangal leis an áitreabh a éascú do ESB Networks CGA. Admhaím/admhaímid go mbeidh sé de cheart ag ESB Networks CGA custaiméirí eile a nascadh leis an líonra.

**Síniú an Iarratasóra:** ____________________ **Dáta:**

Más rud é go bhfuil tú ag síniú thar ceann Comhpháirtíochta, Cuideachta Theoranta, nó Eintitis Dhlíthiúil eile, nó mar Ghníomhaire Údaraithe.

**Ainm Iomlán i mBloclitreacha:**

**Ról:**

[Féadfaidh go n-iarrfaidh ESB Networks CGA ar an sínitheoir fianaise a sholáthar maidir leis an údarás atá aige/aici an t-iarratasóir a cheangal le síniú].

**Síniú an Fhinné:** ____________________ **Dáta:**

**Ainm Iomlán i mBloclitreacha:**

**Seoladh an Fhinné:**

## COSAINT SONRAÍ

Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí pearsanta a úsáid a mhéad is gá (a) chun do chomhaontú um nascadh a bhunú agus a bhainistiú; (b) chun a cheadúnas agus oibleagáidí dlíthiúla eile atá air a chomhlíonadh; agus/nó (c) ar mhaithe lena leasanna dlisteanacha (ar choinníoll nach mbeidh na leasanna sin ag teacht salach ar do chearta ná ar do shaoirsí bunúsacha). Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha agat san fhoirm iarratais seo a nochtadh le páirtithe eile sna cásanna seo a leanas:

- Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh ag ESB Networks CGA, féadfaidh sé seirbhísí conraitheoirí nó soláthróirí eile a úsáid. Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí a nochtadh leis na páirtithe sin a mhéad is gá chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus ar chuntar nach ceadmhach dóibh do chuid sonraí a úsáid ach amháin de réir na dtreoracha a thabharfaidh ESB Networks CGA dóibh. Éilítear orthu do chuid sonraí a choinneáil slán sábháilte, leis.
- Féadfaidh ESB Networks CGA a nochtadh le cuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais agus le páirtithe eile a bhfuil baint acu le do sholáthar leictreachais gurb ann do do nasc, chomh maith le suíomh agus/nó gnéithe teicniúla an naisc sin. I gcás naisc nua, cuirfidh ESB Networks CGA d'uimhir theagmhála fóin ar fáil do chuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais d'fhonn fuinnmhiú an naisc an éascú.
- Féadfaidh sé go n-éileofar ar ESB Networks CGA leis an dlí, nó lenár ndualgais cheadúnais, sonraí atá i seilbh ESB Networks CGA fútsa, faoi do sholáthar leictreachais nó faoi do nasc a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí nó ranna rialtais, don Choimisiún um Rialáil Fóntais nó do thríú páirtithe eile.
- Féadfaidh sé go dtabharfar sonraí teagmhála do chuideachta ghairmiúil taighde margaidh chun críche taighde a dhéanamh ar cé chomh sásta is atá tú leis na seirbhísí arna gcur ar fáil ag ESB Networks CGA. Féadfar an t-eolas sin a úsáid chomh maith leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin a fheabhsú.

## NÓTA 2

**Teachtaireacht Sábháilteachta**

- Más ann d'aon línte leictreachais lastuas ar an láithreán, d'fhéadfadh sé gur ghá iad a atreorú nó a chur faoi thalamh sula bhféadfaí tosú ar aon obair thógála. Ba chóir iarratais ar línte a athrú a chur faoi bhráid ESB Networks CGA go luath sa phróiseas - féach www.esbnetworks.ie le tuilleadh eolais a fháil faoi cén chaoi iarratais den sórt sin a dhéanamh.
- Féach an **"Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines"** ó ESB Networks, atá faofa ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, le treoir shábháilteachta a fháil i ndáil le hobair a dhéanamh gar do línte lastuas. Tá sé le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus ar láithreán gréasáin ESB Networks CGA araon, nó i gcló ach é a iarraidh saor in aisce ar ESB Networks CGA. Teileafón. 1800 372 757 nó 021 2386555.
- Féach an "Code of Practice for Avoiding Danger from Buried Services" ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le treoir shábháilteachta a fháil i ndáil le cáblaí leictreachais faoi thalamh. Tá sé le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.
- Tá léarscáileanna de línte/chábláí ESB le fáil ó Lár-Oifig Léarscáilithe ESB Networks - Fón:1800 928 960, nó tríd an r-phost: dig@esb.ie.

# NÁ DÉAN DEARMAD!

NÁ TÓG FAOI SHREANGA LEICTREACHAIS NÁ INA N-AICE.

# BÍ SÁBHÁILTE, FAN AMACH Ó SHREANGA LEICTREACHAIS

**ESB NETWORKS CGA**



Tabhair do d'aire: Forchoimeádann ESB Networks CGA an ceart sonraí breise a iarraidh más gá agus aontaíonn an t-iarratasóir aon fhaisnéis dá leithéid a sholáthar go pras. Beidh sé de cheangal ar an bpáirtí nasctha, ag an am ábhartha, cloí leis an gComhaontú um Nascadh agus leis an gCód Dáileacháin agus faisnéis a sholáthar de réir na ndoiciméad sin. Ní ghlacann ESB Networks CGA freagracht as moilleanna ná as botúin a eascraíonn as an iarratas seo a chomhlánú go mícheart. Mura gcomhlánaítear an t-iarratas seo ina iomláine, seolfar an fhoirm ar ais chugat.

ESB Networks CGA

Stiúrthóirí: Marguerite Sayers (Cathaoirleach), Nicholas Tarrant, Caroline Spillane, Ian Talbot, Michael Nolan.
Oifig Chláraithe: Bothar Bhaile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18, D18XN80

Páirtuimhir ESB/9806740 Athbhreithnithe Márta 2026. DOC-130715-CAE